AN ROINN
TALMHAÍOCHTA AGUS BIA
THE DEPARTMENT OF AGRICULTURE & FOOD

AN SCÉIM UM ÍOCAÍOCHTAÍ SINGILE

Treoirlínte maidir leis na Riachtanais
Tras-Chomhlíonta infheidhmithe ón
1 Ean 2006 agus 1 Ean 2007

Lúnasa 2006

RANNÁN	CLÁR AN ÁBHAIR	LEATHANACH
	Réamhrá	**1**
A	**Níotráití**	**2**
B	**Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta (2006)**	**3**
	SMR 9 Údarú, Cur ar an Margadh, Úsáid agus Rialú Táirgí Cosanta Plandaí	**4**
	SMR10 Maidir le substaintí le gníomhú hormónach nó gníomhú tíorastatach mar aon le béite-fhreasaitheachtaí a chosc i bhfeirmeoireacht bheostoic	**5**
	SMR11 Prionsabail agus riachtanais ghinearálta de dhlí Bi agus i leagan amach nósanna imeachta i saincheisteanna Shábháilteacht Bia	**6**
	SMR12 Rialacha chun einceifileapaití in-tarchurtha áirithe a chosc, a smachtú agus a dhíothú	**7**
	SMR13 Bearta pobail d'fhonn galar crúibe is béil a smachtú	**8**
	SMR14 Bearta ginearálta pobail d'fhonn galair áirithe ainmhithe a choinneáil faoi smacht mar aon le bearta sainiúla maidir le galar saicíneach muc	**9**
	SMR15 Forálacha sainiúla le haghaidh smachtú agus díothú bluetongue	**9**
	Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta (2007)	
	SMR16 Íoschaighdeáin do chosaint Laonna	**10**
	SMR17 Íoschaighdeáin do chosaint Muc	**11**
	SMR18 Rialacha maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun cuspóirí feirmeoireachta	**12**
Iarscríbhinn 1	**Seicliosta Níotráití**	**13-14**
Iarscríbhinn 2	**Seicliosta Lotnaidicídí**	**15**
Iarscríbhinn 3	**Seicliosta Shláinteachas Bia/Beathaithe**	**16-17**
Iarscríbhinn 4	**Seicliosta an Tras-Chomhlíonta Beathaithe**	**18**

Réamhrá

Agus tacaíocht á tabhairt ag Comhairle Airí an Aontais Eorpaigh le réim na nÍocaíochtaí Singile, is léir gur aithin siad go bhfuil freagrachtaí tábhachtacha ar fheirmeoirí a fhaigheann íocaíochtaí maidir le cosaint na timpeallachta, sláinte ainmhithe agus leas agus sláinte an phobail. Ar an ábhar sin, tá an nasc idir tacaíocht an AE le talmhaíocht faoin Scéim um Íocaíochtaí Singile agus na bearta ag díriú ar an timpeallacht a chosaint agus ardchaighdeáin a bhaint amach i sábháilteacht bia agus i sláinte agus leas ainmhithe, fíorthábhachtach do dhíchúpláil íocaíochtaí díreacha ó tháirgeadh. Faoin Scéim um Íocaíochtaí Singile ní mór d'fheirmeoirí na Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta (SMRnna) a leanúint, mar atá siad leagtha amach i reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) ar an timpeallacht, ar shláinte ainmhithe, plandaí agus an phobail, ar leas ainmhithe agus ar an talamh a choinneáil i gCoinníoll Maith Talmhaíochta agus Timpeallachta (GAEC). Tugtar Tras-Chomhlíonadh air seo.

Foilsíodh na hoibleagáidí Tras-Chomhlíonta, infheidhmithe ón 1 Eanáir 2005, sa lámhleabhar *"The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance"* a eisíodh do ghach feirmeoir i mí Aibreáin 2005. T á fáil ar chóip den lámhleabhar seo ar www.agriculture.gov.ie.

Is é seo an tríú Lámhleabhar i sraith Lámhleabhair ar an Scéim um Íocaíochtaí Singile. Leagtar amach ann na hoibleagáidí Tras-Chomhlíonta faoi 7 SMR sa bhreis a tugadh isteach in 2006 mar aon le 3 SMR eile a thabharfar isteach in 2007. Tá fáil ar an lámhleabhar seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne, www.agriculture.gov.ie, chomh maith.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus leagan Béarla den doiciméad seo déan teagmháil le:

An Rannóg Tras-Chomhlíonta,
An Roinn Talmhaíochta agus Bia,
Tithe an Rialtais,
Seanbhóthar Mhainistir Laoise,
Port Laoise,
Co. Laoise

Teileafón: (057 8674400)

Níotráití

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir.

Beidh na teorainneacha leasacháin le haghaidh Níotráití agus Fosfar, atá sainithe i gCuid 3 de na Rialacháin Níotráití a bhaineann le bainistíocht cothaitheach, infheidhmithe ón 1 Eanáir 2007. Ciallaíonn sé seo go ndíreofar cigireachtaí Tras-Chomhlíonta le haghaidh 2006 ar na heilimintí siúd den Rialachán atá i bhfeidhm go dlíthiúil ón 1 Feabhra 2006. (Féach Iarscríbhinn 1 le haghaidh seicliosta 2006 agus 2007). Cinnteoidh an Roinn go gcuirfear feirmeoirí ar an eolas go hiomlán maidir leis na riachtanais nua ar fad. Sa chomhthéacs seo, tá Doiciméad Treoraithe Níotráití á réiteach ag an Roinn le haghaidh feirmeoirí a léiríonn na rialacháin leasaithe, agus cuirfear seisiúin chomhairliúcháin ar bun leis na heagraíochtaí feirme ar an ábhar go luath.

I dteannta leis an Doiciméad Treoraithe Níotráití a scaipeadh ar gach feirmeoir, eagrófar cruinnithe eolais le haghaidh feirmeoirí timpeall na tíre san fhómhar.

SMRnna Infheidhmithe ó 1.1.2006

	Sláinte Ainmhithe, Plandaí agus an Phobail	Reachtaíocht an AE
SMR9	Maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh	Treoir na Comhairle 91/414/EEC Ailt 3
SMR10	Maidir le substaintí le gníomhú hormónach nó gníomhú tíorastatach mar aon le béite-fhreasaitheachtaí a chosc i bhfeirmeoireacht bheostoic.	Treoir na Comhairle 96/22/EC Ailt 3, 4, 5 agus 7
SMR 11	Prionsabail agus riachtanais ghinearálta de dhlí bia agus i leagan amach nósanna imeachta i saincheisteanna Shábhailteacht Bia.	Rialachán (EC) Uimh 178/2002 Ailt 14,15,17(I) 18, 19 agus 20
SMR 12	Rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a smachtú agus a dhíothú.	Rialachán (EC) Uimh 999/2001 Ailt 7, 11, 12, 13 agus 15

	Fógairt Galar	
SMR 13	Bearta pobail d'fhonn galar crúibe is béil a smachtú.	Treoir na Comhairle 85/511/EEC Ailt 3
SMR 14	Bearta ginearálta pobail d'fhonn galair áirithe ainmhithe a choinneáil faoi smacht mar aon le bearta sainiúla maidir le galar saicíneach muc.	Treoir na Comhairle 92/119/EEC Ailt 3
SMR15	Forálacha sainiúla le haghaidh smachtú agus díothú bluetongue.	Treoir na Comhairle 2000/75/EEC Ailt 3

	Infheidhmithe ó 1.1.2007 Leas Ainmhithe	
SMR 16	Íoschaighdeáin do chosaint laonna á leagan amach.	Treoir na Comhairle 91/629/EEC Ailt 3 agus 4
SMR 17	Íoschaighdeáin do chosaint muc á leagan amach.	Treoir na Comhairle 91/630/EEC Ailt 3 agus 4(I)
SMR 18	Rialacha maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun cuspóirí feirmeoireachta.	Treoir na Comhairle 98/58/EC Ailt 4

SMR9 Údarú, Cur ar an Margadh, Úsáid agus Rialú Táirgí Cosanta Plandaí

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir a úsáideann Táirgí Cosanta Plandaí.

Riachtanais Feirmeoirí

1. Ní cheadaítear ach táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha údaraithe nó cláraithe a stóráil agus a úsáid.

2. Ní mór táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha a stóráil, a láimhseáil agus a úsáid i gceart de réir mar a shonraítear ar lipéid táirgí faofa.

3. Ní mór táirgí cosanta plandaí a úsáid, nuair is cuí, de réir phrionsabail an smachta chomhtháite.

4. Ní mór táirgí cosanta plandaí a úsáid de réir phrionsabail an dea-chleachtaidh chosanta plandaí.

5. Ní mór taifid fála, úsáide agus diúscartha táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha a choinneáil agus a chur ar fáil le haghaidh cigireachta.

6. Ní cheadaítear táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha nach bhfuil faofa a thuilleadh a choinneáil.

Cigireachtaí

Déanfaidh an cigire a sheiceáil go bhfuil na riachtanais ar fad thuasluaite á gcomhlíonadh agus díreoidh sé/sí aird faoi leith le cinntiú:

- ❑ Gur táirgí faofa iad lotnaidicídí ar bith atá in úsáid ag an bhfeirmeoir.
- ❑ Go bhfuil siad á stóráil, á láimhseáil agus á n-úsáid i gceart.
- ❑ Nach n-úsáidtear ach ar bharra faofa iad, ag na leibhéil chearta dáileogachta, agus go bhfuil an crios maolánach cuí á fhágáil ionas nach n-iontrálann an sprae uiscebhealaí.
- ❑ Go bhfuil taifid fála, úsáide agus diúscartha táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha á gcoinneáil

Seiceálfar, chomh maith, le haghaidh mí-úsáid lotnaidicídí ó iarmhair i dtáirgí.

Féach Iarscríbhinn 2 le haghaidh an tseicliosta cigireachta

SMR10 Maidir le substaintí le gníomhú hormónach nó gníomhú tíorastatach mar aon le béite-fhreasaitheachtaí a chosc i bhfeirmeoireacht bheostoic

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir a chothaíonn ainmhithe.

Riachtanais Feirmeoirí

1. Ní mór d'fheirmeoirí cloí le Cosc an A.E. ar Hormóin .i. ní cheadaítear dóibh substaint ar bith a bhfuil gníomh tíorastatach, éastraigineach, andraigineach nó gaistigineach aici, nó béite-fhreasaitheacht a thabhairt d'ainmhí feirme nó dobarshaothraithe (ach amháin i gcás leigheasanna údaraithe ainmhithe ar oideas tréidliachta).

2. Ní mór d'fheirmeoirí cloí le tréimhsí turnaimh Leigheasanna Ainmhithe a údaraítear faoi eisceachtaí an Choisc ar Hormóin.

Cigireachtaí

Beidh na nithe seo a leanas i gceist leis na cigireachtaí:

- ❑ Samplaí a ghlacadh agus anailís a dhéanamh orthu i saotharlanna faofa le haghaidh na speicis ainmhithe agus na ngrúpaí substaintí a shonraítear.
- ❑ Cuairt a thabhairt ar fheirmeacha a roghnaítear faoi na critéir spriocaimsithe um aimsiú iarmhar nó substaintí.

SMR11 Prionsabail agus riachtanais ghinearálta de dhlí bia agus i leagan síos nósanna imeachta i saincheisteanna Shábhailteacht Bia

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir.

Riachtanais Feirmeoirí

1. Ní mór d'fheirmeoirí a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na sábháilteachta bia agus beathaithe ag gach céim de tháirgeadh, de phróiseáil agus de dháileadh laistigh de na gnóthaí.

2. Córais inrianaithe a choinneáil.

3. Bia nó beathú a tharraingt siar agus/nó a athghairm den mhargadh mura bhfuil riachtanais Shábháilteacht Bia nó Beathaithe á gcomhlíonadh aige, agus sin a chur in iúl d'údaráis fhearastúla.

Cigireachtaí

Beidh na nithe seo a leanas i gceist leis na cigireachtaí:

- ❑ Seiceálfar le cinntiú go bhfuil na céimeanna cuí glactha ag gach táirgeoir príomhúil bia atá cláraithe chun cosc a chur ar shalú guaiseach bia agus beathaithe.

- ❑ Seiceálfar le cinntiú go bhfuil bia agus beathú á tháirgeadh, á iompar agus á stóráil go sláinteach, mar aon le glantachas ainmhithe, bia agus beathaithe a chinntiú.

- ❑ Seiceálfar go bhfuil córais inrianaithe á gcoinneáil..

- ❑ Seiceálfar le cinntiú go ndéantar bia nó beathú a tharraingt siar ón margadh mura bhfuil riachtanais Shábháilteacht Bia no Beathaithe á gcomhlíonadh aige.

Féach Iarscríbhinn 3 le haghaidh an tseicliosta cigireachta

SMR12 Rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a smachtú agus a dhíothú

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir beostoic.

Riachtanais Feirmeoirí

1. Ní cheadaítear do tháirgeoirí próitéiní fréamhaithe i mamaigh a thabhairt d'athchogantaigh.

2. Ní chéadaítear do tháirgeoirí beathú ceaptha d'ainmhithe feirme a easpórtáil nó a stóráil a bhfuil próitéin fréamhaithe i mamaigh ann, amach ó bheathú le haghaidh madraí agus cat.

3. Ní mór ainmhí ar bith a d'fhéadfadh Einceifileapaite Spúinseach In-tarchurtha (TSE) a bheith aige a chur in iúl don údarás fearastúil.

4. Ní mór ainmhí ar bith a d'fhéadfadh Einceifileapaite Spúinseach In-tarchurtha (TSE) a bheith aige a chur in iúl don údarás fearastúil.

Cigireachtaí

Seiceálfar sna cigireachtaí le haghaidh na nithe seo a leanas:

- ❑ Fianaise, a léiríonn sárú ar na riachtanais smachta beathaithe.
- ❑ Fianaise gur chuir feirmeoirí in iúl don Roinn ainmhithe ar bith a d'fhéadfadh TSE (BSE nó Scráibeach) a bheith acu.
- ❑ Fianaise a léiríonn nach gcloítear le srianta gluaiseachta nó le fógra éigin eile.

Féach Iarscríbhinn 4 le haghaidh an tseicliosta cigireachta

SMR13 Bearta pobail d'fhonn galar crúibe is béil a smachtú

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir beostoic

Riachtanais Feirmeoirí

Ní mór d'fheirmeoirí a chinntiú go gcuirfí in iúl láithreach don Údarás Fearastúil ainmhithe nó conablaigh ar bith a d'fhéadfadh an Galar Crúibe is Béil a bheith aige.

Cigireachtaí

- Níl cigireachtaí sonracha feirme ar bith ann maidir le monatóireacht ar an nGalar Crúibe is Béil. Sin ráite, ba chóir go dtiocfadh Tréidlianna a bheadh ar cuairt chuig an bhfeirm ar chuspóirí eile, ar theagmhais bhuartha maidir leis an ngalar crúibe is béil.
- Braithfidh comhlíonadh, mar sin, ar amhras i dtaobh an ghalair a chur in iúl, nó a láithreacht á deimhniú ag tástáil saotharlainne. Ina theannta sin, is féidir úsáid a bhaint as cigireachtaí iarbháis agus roimh bhás a dhéantar i seamlais chun tréada a aithint le haghaidh cigireachta.
- Cuireann oifigigh DAF seirbhís éigeandála 24 uair an chloig le linn na bliana iomláine chun tuairisciú an ghalair a éascú.

SMR14 Bearta ginearálta pobail d'fhonn galair áirithe ainmhithe a choinneáil faoi smacht mar aon le bearta sainiúla maidir le galair

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir beostoic.

Riachtanais Feirmeoirí

Ní mór d'fheirmeoirí a chur in iúl do na hÚdaráis Fhearastúla más eol dóibh, nó má tá amhras orthu, go bhfuil galair infhógartha ag ainmhithe nó ag conablaigh.

Cigireachtaí

- ❑ Níl cigireachtaí sonracha feirme ar bith ann maidir le monatóireacht ar ghalair infhógartha. Braitheann comhlíonadh, mar sin, ar na feirmeoirí ag cur na n-údarás ar an eolas maidir le galar infhógartha amhrasta.
- ❑ Cuireann oifigigh DAF seirbhís éigeandála 24 uair an chloig le linn na bliana iomláine chun tuairisciú an ghalair a éascú.

SMR15 Forálacha sainiúla le haghaidh smachtú agus díothú Bluetongue

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir beostoic.

Riachtanais Feirmeoirí

Ní mór d'fheirmeoirí a chur in iúl do na hÚdaráis Fhearastúla más eol dóibh, nó má tá amhras orthu, go bhfuil Bluetongue ag ainmhithe nó ag conablaigh.

Cigireachtaí

- ❑ Níl cigireachtaí sonracha feirme ar bith ann maidir le monatóireacht ar Bluetongue. Braitheann comhlíonadh, mar sin, ar na feirmeoirí ag cur na n-údarás ar an eolas maidir le galar infhógartha amhrasta
- ❑ Cuireann oifigigh DAF seirbhís éigeandála 24 uair an chloig le linn na bliana iomláine chun tuairisciú an ghalair a éascú.

SMR16 Íoschaighdeáin do chosaint laonna

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir beostoic.

Riachtanais Feirmeoirí

Ní mór d'fheirmeoirí cloí go hiomlán leis an reachtaíocht náisiúnta a chuireann riachtanais an A.E. i bhfeidhm maidir le leas laonna.

Cigireachtaí

Seiceálfar sna cigireachtaí le cinntiú go bhfuil an Reachtaíocht Náisiúnta á comhlíonadh, lena n-áirítear:

- Coinníollacha maidir le laonna a chothú
- Riachtanais shonracha leasa le haghaidh:
  - Lóistín
  - Nascaireacht
- Beathú, bia, uisce agus maothal

SMR17 Íoschaighdeáin do chosaint muc

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir beostoic.

Riachtanais Feirmeoirí

Ní mór d'fheirmeoirí cloí go hiomlán leis an reachtaíocht náisiúnta a chuireann riachtanais an A.E. i bhfeidhm maidir le leas muc.

Cigireachtaí

Seiceálfar sna cigireachtaí le cinntiú go bhfuil an Reachtaíocht Náisiúnta á comhlíonadh, lena n-áirítear:

- ❑ Coinníollacha maidir le muca a chothú agus a ramhrú
- ❑ Riachtanais shonracha leasa le haghaidh:
  - ❍ Gach muc
  - ❍ Toirc
  - ❍ Cránacha agus cránacha óga
  - ❍ Bainbh
  - ❍ Muca á gcosc agus muca á gcothú

SMR18 Rialacha maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun cuspóirí feirmeoireachta

Ábharthacht: Baineann seo le gach feirmeoir beostoic.

Riachtanais Feirmeoirí

Ní mór d'fheirmeoirí cloí go hiomlán leis an reachtaíocht náisiúnta a chuireann riachtanais an A.E. i bhfeidhm maidir le leas ainmhithe a choinnítear chun cuspóirí feirmeoireachta.

Cigireachtaí

Seiceálfar sna cigireachtaí le cinntiú go bhfuil an Reachtaíocht Náisiúnta á comhlíonadh, lena n-áirítear:

- ❑ Foireann, cigireacht agus coinneáil taifead
- ❑ Saoirse ghluaiseachta
- ❑ Foirgnimh agus lóistín
- ❑ Ainmhithe nach gcoinnítear i bhfoirgnimh
- ❑ Trealamh uathoibríoch nó meicniúil
- ❑ Beathú, uisce agus substaintí eile
- ❑ Gnásanna póraithe

IARSCRÍBHINN 1 – Seicliosta Níotráití

Is seicliosta é seo a leanas le haghaidh cigireachtaí tras-chomhlíonta a dtabharfar fúthu in 2006.

Aoileach Beostoic agus Leasacháin Orgánacha eile.

- An bhfuil fianaise amhairc ann nach ndéantar aoileach an bheostoic, leasacháin orgánacha eile, uisce salach nó eisilteach sadhlais a bhailiú i gceart
- An bhfuil fianaise amhairc ann nach ndéantar bainistíocht cheart ar na háiseanna stórála le haghaidh aoileach beostoic, leasachán orgánach eile, uisce salach nó eisilteach sadhlais
- An bhfuil fianaise amhairc ann go bhfuil éalanga struchtúrtha sna háiseanna stórála a úsáidtear as a dtagann eisileadh díreach nó neamhdhíreach chuig screamhuisce nó uisce dromchla
- An bhfuil leas á bhaint ag an iarratasóir as coinníollacha toillte stórais laghdaithe
- An sásaíonn an gabháltas na riachtanais maidir le hainmhithe a gheimhriú lasmuigh áit a bhfuil coinníollacha laghdaithe stórála mar thoradh ar ainmhithe a gheimhriú lasmuigh
- Ar stóráladh aoileach an chlóis feirme ar shuíomh nó ar dhóigh gur sháraigh sé riachtanais na Rialachán
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil, nó go raibh, aoileach an chlóis feirme á charnadh ar thalamh le linn tréimhse ina raibh cosc ar leathadh

Tabhair faoi deara:- Faoi na Rialacháin Níotráití, ón 1 Feabhra 2006, is féidir le feirmeoirí 170 Cileagram de nítrigin orgánach a úsáid in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana. Tá iarratas curtha isteach ag Éirinn go n-árdófaí an figiúr seo ón 170 cileagram chuig 250 ceileagram in aghaidh an heicteáir.

Leathadh Leasachán Ceimiceach agus Orgánach

- An bhfuil fianaise ann gur leathadh leasachán ceimiceach laistigh de 1.5m d'uiscebhealach dromchla
- An bhfuil fianaise ann gur leathadh Leasachán Orgánach nó Uisce Salach laistigh den íoschrios maolánach le haghaidh pointí eastósctha uisce mar a shonraítear sna Rialacháin iad (bileog oibre)
- An bhfuil fianaise ann gur úsáideadh Leasachán Orgánach nó Uisce Salach laistigh de 20m de líne chladaigh locha
- An bhfuil fianaise ann gur úsáideadh Leasachán Orgánach nó Uisce Salach laistigh de 15m de ghnéithe nochta uaimhiúla nó carstacha aolchloiche
- An bhfuil fianaise ann gur leathadh Leasachán Orgánach nó Uisce Salach laistigh de 5m d'uiscebhealach dromchla nó 3m ag brath ar na coinníollacha faoi leith mar a shonraítear sna Rialacháin iad.

Úsáid Leasachán Ceimiceach agus Orgánach

- An bhfuil fianaise ann gur leathadh leasachán ceimiceach, aoileach an chlóis feirme san áireamh, le linn tréimhse ina raibh cosc ar leathadh
- An bhfuil fianaise ann de dhrochphatrún leata aoileach beostoic, leasacháin orgánacha eile nó uisce salach ar an talamh
- An bhfuil fianaise ann gur úsáideadh leasacháin nó uisce salach ar thalamh atá leathbháite, báite, faoi bhrat sneachta, reoite nó uair a bhfuil báisteach throm á tuar
- An bhfuil fianaise ann gur úsáideadh leasacháin nó uisce salach ar thalamh chlaonta áit a bhfuil baol suntasach go dtruailleofaí uisce de bharr a chongárachta d'uisce, a dhálaí talún, a chlúdach talún nó de bharr báistí
- An bhfuil fianaise ann gur úsáideadh leasachán orgánach nó uisce salach ag baint úsáide as splancphláta suas, nó as greannaitheoir sloda suite ar thancaer
- An bhfuil fianaise ann gur úsáideadh leasachán orgánach nó uisce salach ó bhóthar nó ó phasáiste
- An bhfuil fianaise ann gur úsáideadh níos mó ná 25,000 lítear in aghaidh an heicteáir i dtréimhse 42 lá ar bith (3mm in aghaidh na huaire trí uisciú) i limistéir ardleochaileadh nó níos mó ná 50,000 lítear in aghaidh an heicteáir i limistéir eile (5mm in aghaidh na huaire trí uisciú).

IARSCRÍBHINN 1 – Seicliosta Níotráití

Treabhadh agus úsáid luibhicídí neamhroghnach

- An bhfuil fianaise ann go ndearnadh féarthalamh a threabhadh idir an 16 Deireadh Fómhair agus an 30 Samhain
- An bhfuil fianaise ann nach leor an clúdach glas fásta faoin 1 Samhain i ndiaidh an féarthalamh a threabhadh idir an 1Iúil agus an 15 Deireadh Fómhair
- An bhfuil fianaise ann nach leor an clúdach glas fásta laistigh de 6 sheachtain i ndiaidh an treafa áit a ndearnadh talamh arúil a threabhadh idir an 1 Iúil agus an 15 Eanáir
- An bhfuil fianaise ann nach leor an clúdach glas fásta laistigh de 6 sheachtain i ndiaidh luibhicíd neamhroghnach a úsáid idir an 1 Iúil agus an 15 Eanáir
- An bhfuil fianaise ann gur baineadh go hiomlán an clúdach glas riachtanach, trí threabhadh nó trí luibhicíd neamhroghnach a úsáid, roimh an 15 Eanáir murar cuireadh barra laistigh de choicís i ndiaidh a bhainte

Is seicliosta <u>breise</u> é seo a leanas le haghaidh cigireachtaí tras-chomhlíonta a dtabharfar fúthu le linn 2007 agus sna blianta leantacha

- An bhfuil fianaise ann gur sháraigh an gabháltas na huasrátaí toirchithe de nítrigin nó d'fhosfar inúsáidte sa bhliain ábhartha
- An bhfuil fianaise ann nach bhfuil uisce glan á atreorú chuig sruth uisce éalaithe glan chun giniúint uisce shalaigh a íoslaghdú
- An bhfuil fianaise ann nach bhfuil na taifid riachtanacha ar fad á choinneáil agus á choimeád
- An bhfuil fianaise ann nach leor an toilleadh stórála le haghaidh aoileach muc ar an ngabháltas nó lasmuigh de

Tabhair faoi deara: Maidir le haoileach eile beostoic, áit nach leor an toilleadh stórála atá ag feirmeoir ar bith, beidh air/uirthi áiseanna fónta stórála a chur ar fáil faoin 31 Nollaig 2008.

IARSCRÍBHINN 2 – Seicliosta Lotnaidicídí

- An ndéantar táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha a scaradh ó bhia agus ó bheathú
- An bhfuil na háiseanna stórála a úsáidtear tiomanta do stóráil ceimiceán
- An bhfuil na háiseanna stórála iata, daingean agus tógtha ar dhóigh go gcoinnítear ligean nó doirteadh ar bith laistigh den stóras
- An bhfuil fógra rabhaidh ar taispeáint ag doras an stórais
- An ndéantar púdair a stóráil ar deighilt ó nó thar leachtanna
- An ndéantar táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha a stóráil ina mbunsoithí, i gcoinníoll maith, le lipéid faofa orthu
- An bhfuil scálaí (agus seiceálaí meacháin) agus miosúir chéimnithe (m.sh. crúiscíní) ann atá sainithe chun táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha a mheá / a thomhas, agus don chuspóir seo amháin
- An bhfuil áiseanna ann chun doirteadh nó ligean beag a mhaothú (m.sh. buicéad de ghaineamh nó de mhóin
- An bhfuil fáil ar éadach agus ar threalamh cosanta, agus an bhfuil siad glan agus coinnithe i gceart
- An gcoinnítear taifid ceannachán, fála agus diúscartha nó aischurtha táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha (.i. dáta; soláthraí; an chuideachta a aischuireadh chuici/ an chuideachta diúscartha; ainm an bhranda; uimhir PCS; cainníocht nó toirt)
- An gcoinnítear taifid úsáide táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha (.i. dáta; barr; an t-ábhar nó an dromchla a cóireáladh; achar a cóireáladh; ainm an bhranda; uimhir PCS; cainníocht den táirge a úsáideadh)
- An gcoimeádtar trealamh feidhmithe in úsáid de réir mar is gá
- An bhfuil trealamh feidhmithe díchoimisiúnaithe
- An bhfuil an trealamh feidhmithe a úsáidtear oiriúnach don chuspóir
- An ndearnadh an trealamh feidhmithe a úsáidtear a chalabrú i gceart
- An bhfuil na táirgí ar fad a úsáidtear agus atá stóráilte cláraithe faoi láthair, nó an raibh siad cláraithe nuair a ceannaíodh nó a fuarthas iad
- An bhfuil lipéid agus pacáistiú faofa ar na táirgí cláraithe ar fad a úsáidtear
- An bhfuil na táirgí cláraithe ar fad a úsáidtear agus a stóráiltear oiriúnach le haghaidh na mbarr a fhástar agus le haghaidh fhiontair na feirme
- An léiríonn torthaí cigireachta go n-úsáidtear táirgí de réir treoracha an lipéid nó an bhfuil –
    - na torthaí ó mhonatóireacht ar iarmhar agus
    - na torthaí ó anailís ar shamplaí a glacadh

  comhsheasmhach le húsáid táirgí de réir treoracha lipéid faofa
- An léiríonn torthaí cigireachta go n-úsáidtear táirgí de réir Phrionsabail na nDea-chleachtas Cosanta Plandaí nó an bhfuil –
    - na torthaí ó mhonatóireacht ar iarmhar agus
    - na torthaí ó anailís ar shamplaí a glacadh

  comhsheasmhach le húsáid táirgí de réir Phrionsabail na nDea-chleachtas Cosanta Plandaí
- Nuair is cuí, an léiríonn torthaí cigireachta go n-úsáidtear táirgí de réir Teicnící Comhtháite Rialaithe nó an bhfuil –
    - na torthaí ó mhonatóireacht ar iarmhar agus
    - na torthaí ó anailís ar shamplaí a glacadh

  comhsheasmhach le húsáid táirgí de réir Teicnící Comhtháite Rialaithe

IARSCRÍBHINN 3 – Seicliosta Shláinteachas Bia/Beathaithe

Oibreoirí Ghnó an Bheathaithe, feirmeoirí san áireamh

- An bhfuil fianaise ann nach n-úsáidtear breiseáin beathaithe agus táirgí míochaineacha tréidliachta i gceart
- An bhfuil fianaise ann nach ndéantar beathú a iompar, a stóráil nó a bheathú ar deighilt ó cheimiceáin agus ó tháirgí eile a bhfuil cosc orthu i mbeathú ainmhithe chun salú guaiseach a sheachaint
- An bhfuil fianaise ann nach ndéantar beathú íocleasaithe agus beathú neamh-íocleasaithe a stóráil agus/nó a láimhseáil chun éilliú a chosc agus le cinntiú nach dtabharfaí d'ainmhithe neamhspriocta iad
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil beathú faighte agus úsáidte ó bhunaíochtaí neamhchláraithe bunaithe ar sheiceáil a rinneadh ar thaifid feirme
- An bhfuil fianaise nach bhfuil na taifid riachtanacha á gcoinneáil maidir le sláinteachas beathaithe, lena n-áirítear réamhchumaisc agus beathú íocleasaithe

Tréada Déirí

- An bhfuil fianaise ann nach gcoinnítear an déire agus an parlús crúite i ndea-chóiriú
- An bhfuil fianaise ann nach bhfuil feisteas agus trealamh glan nó nach bhfuil siad i ndea-choinníoll nó nach bhfuil siad saor ó ábhair thocsaineacha
- An bhfuil fianaise ann nach leor an deighilt idir an déire / parlús crúite agus foinsí éillithe
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil cláir inmheánacha a theagmhaíonn le bainne salach
- An leor an córas draenála agus an bhfuil draenacha gan trapanna
- An bhfuil sé dodhéanta ag an umar bainne an bainne a fhuarú chuig 8°C sa chás go mbailítear gach lá é, nó chuig 6°C sa chás go mbailítear gach dara lá, nó níos faide, é
- An neamhleor na háiseanna níocháin lámh
- An neamhleor an soláthar uisce le haghaidh an déirí
- An neamhleor na háiseanna stórála le haghaidh ceimiceán agus ábhair ghlantacha
- An bhfuil fianaise ann gur tógadh tithíocht bó ar an dóigh go mbíonn na ba salach
- An bhfuil fianaise ann nach gcoinnítear tithíocht bó, clóis agus pasáistí i ndea-chóiriú nó nach bhfuil siad saor ó charnadh aoiligh
- An bhfuil bainne ó ainmhithe a bhfuil Brúsalóis agus/nó Eitinn acu ag dul isteach sa bhiashlabhra
- An bhfuil fianaise ann nach bhfuil ag éirí le leithlisiú ainmhithe a bhfuil galar acu nó a d'fhéadfadh galar a bheith acu
- An bhfuil fianaise ann nach bhfuil na hainmhithe a chrúitear i ndea-riocht sláinte
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil balláin, úthanna nó baill eile in aice leo salach
- An bhfuil fianaise ann go n-úsáidtear substaintí neamhúdaraithe nó neamhdhleathacha
- An bhfuil fianaise ann nach gcoinnítear bainne ó ainmhithe a bhfuil comharthaí galar útha acu amach ó thomhaltas ag daoine
- An bhfuil fianaise ann nach gcoinnítear le tréimhsí turnaimh maidir le húsáid táirgí nó substaintí údaraithe a bhfuil tréimhsí turnaimh bainne de dhíth orthu
- An bhfuil fianaise ann nár cuireadh an iontráil riachtanach ar an gClár Leigheasanna Ainmhithe maidir le hainmhithe á leigheas
- An bhfuil fianaise ann nach n-aithnítear go soiléir na hainmhithe á leigheas a d'fhéadfadh iarmhair a thraschur chuig bainne
- An bhfuil fianaise ann go n-úsáidtear dipeanna agus spraenna ballán ar dhóigh a chruthaíonn leibhéil dho-ghlactha iarmhar i mbainne

IARSCRÍBHINN 3 – Seicliosta Shláinteachas Bia/Beathaithe

Riachtanais Uibheacha

- An bhfuil fianaise ann nach gcoinnítear uibheacha le haghaidh díola glan, tirim, saor ó bholaithe coimhthíocha agus amach ó ghrian dhíreach

Riachtanais Ghinearálta

- An bhfuil fianaise ann nach leor na smachta chun cosc a chur ar ghalair tadhaill in-tarchurtha chuig daoine trí bhia, lena n-áirítear bearta réamhchúramacha á nglacadh agus ainmhithe nua á dtabhairt isteach mar aon le ráigeanna amhrasta galar dá leithéid á dtuairisciú don údarás fearastúil
- An bhfuil fianaise ann nach n-úsáidtear táirgí cosanta plandaí agus táirgí lotnaidicídeacha i gceart
- An bhfuil fianaise ann nár ghlac an t-iarratasóir gníomh leasúcháin nuair a cuireadh in iúl dó mar gheall ar fhadhbanna le linn smachta oifigiúla
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil riachtanais áirithe, a leagadh mar thoradh ar anailís ábhartha a rinneadh ar shamplaí, nach bhfuil curtha i bhfeidhm ag an iarratasóir
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil áiseanna agus trealamh salach agus nach ndéantar iad a dhífhabhtú i ndiaidh úsáide
- An bhfuil fianaise nach bhfuil na taifid chuí á gcoinneáil maidir le cógais tréidliachta agus sláinteachas bia
- An bhfuil fianaise ann nach leor an smacht ar mhíolra ar an bhfeirm
- An bhfuil fianaise ann nach leor áiseanna stórála agus modhanna láimhseála dríodair agus substaintí guaiseacha chun cosc a chur ar shalú bia
- An bhfuil fianaise ann go n-úsáidtear substaintí neamhúdaraithe nó neamhdhleathacha
- An bhfuil fianaise ann nach gcoinnítear le tréimhsí turnaimh maidir le húsáid táirgí údaraithe a bhfuil tréimhsí turnaimh de dhíth orthu bunaithe ar fhianaise ar an bhfeirm nó lasmuigh de.

IARSCRÍBHINN 4 – Seicliosta an SMR Tras-Chomhlíonta Bia & Beathaithe

- An ndéantar bia peataí a stóráil ar dhóigh go bhféadfadh sé beathú ainmhithe a éilliú nó go bhfuil fáil ag ainmhithe air

- An bhfuil fianaise ann go bhfuil min éisc nó beathú cumaisc a bhfuil min éisc ann á thabhairt d'athchogantaigh

- An bhfuil fianaise ann go stóráiltear agus/nó go n-úsáidtear ar an bhfeirm próitéiní ainmhithe eile, m.sh. Feoil agus Min chnámh (MBM), Min Miodamas Éineola (POM) nó beathú cumaisc a bhfuil na táirgí seo ann